



An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nithe atá le Breithniú agus Comhairle chun
Tacú le Socrúchán Leanaí agus Daoine Óga i
Ranganna agus i mBliainghrúpaí i
mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna**

Endorsement text to go here.
If not needed, double click and delete.

1. Réamhrá

Tá tionchar ollmhór á imirt ag an gcogadh leanúnach san Úcráin ar a leanaí agus ar a daoine óga. Leanann scoileanna ar fud na hEorpa le fáiltiú rompu sin atá thíos le hiarmhairtí an chogaidh agus le hoideachas a sholáthar dóibh.

Rollaigh beagán os cionn 5,800 dalta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna Éireannacha faoi lár mhí na Bealtaine 2022 cheana féin. Chuir na scoileanna sárobair isteach chun leanaí agus daoine óga Úcránacha a ghlacadh isteach ina seomraí ranga. Ghlac siad cur chuige gairmiúil, pras agus pragmatach ina leith sin.

Cuireadh isteach ar an bhfoghlaim do chuid mhór leanaí agus daoine óga a tháinig go hÉirinn agus is féidir nach mbeidh aon chur amach acu ná ag a dtuismitheoirí nó ag a gcaomhnóirí ar chóras oideachais na hÉireann ná ar an gcuraclam a theagasctar i scoileanna. D'iarr scoileanna tuilleadh treorach maidir le socrúcháin daltaí agus scoláirí i ranganna agus i mbliainghrúpaí, lena áiríodh treoir maidir le conas tacú le leanaí agus daoine óga Úcránacha an fhoghlaim ar líne a rochtain.

Is é an aidhm atá leis an doiciméad seo comhairle a thabhairt do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna maidir le freagairt don staid reatha.

Sa tuiscint go bhfuil an fhoghlaim roimhe seo agus an t-eispéireas oideachasúil roimhe seo ríthábhachtach maidir leis an imeascadh rathúil agus d'fhonn bonn eolais a chur faoi chineálacha ionchuimsitheacha cur chuige i leith dul chun cinn i dtorthaí foghlama agus oideachais, soláthraítear na nithe seo a leanas sa doiciméad seo:

- Faisnéis maidir le córas oideachais na hÚcráine
- Comhairle maidir le socrúchán ranga
- Faisnéis thábhachtach maidir le tacú le foghlaim teanga scoláirí
- Comhairle maidir le cásanna inar mian le scoláirí ón Úcráin curaclam na hÚcráine a leanúint

2. Faisnéis maidir le Córas Oideachais na hÚcráine

2.1. Samhail Oideachais na hÚcráine a chur i gcomparáid le Samhail Oideachais na hÉireann

Grád	Córas Oideachais na hÚcráine	Aois	An Choibhéis in Éirinn (aoisbhunaithe)
1	Bunoideachas	6/7	Bunoideachas
2		7/8	
3		8/9	
4		9/10	
5	Bun-Mheánoideachas	10/11	An tSraith Shóisearach
6		11/12	
7		12/13	
8		13/14	
9		14/15	
10	Meánoideachas Uachtarach (Sruth Ginearálta/Gairmshruth) **	15/16	An tSraith Shinsearach
11		16/17	
12*		17/18**	

*Tá an tsamhail Grád 12 bhliain á céimniú isteach de réir a chéile faoi láthair. San am i láthair, táthar ag súil leis go mbainfidh scoláirí sa mheánoideachas uachtarach a dTeastas Meánoideachais Ghinearálta Chríochnaithe amach ag deireadh ghrád 11.

**Leanann formhór na scoláirí Clár Ginearálta/Acadúil sa Mheánoideachas Uachtarach.

2.2. An tEispéireas Curaclaim san Úcráin

2.2.1. Bunoidreachas

Féadann leanaí san Úcráin freastal ar an réamhscoil suas go mbaineann siad 6 bliana d'aois amach. Freastalaíonn daltaí ar an mbunscoil ar feadh ceithre bliana nuair a bhíonn siad idir 6 bliana d'aois agus 9 mbliana d'aois. Áirítear leis an gcuraclam léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic, corpoideachas, dúlra, ealaín, agus ceol. Soláthraítear an curaclam trí oideolaíocht shúgradhbhunaithe le linn ghrád 1 agus ghrád 2. Déanann daltaí scrúduithe stáit in Úcráinis (nó teanga dhúchais eile), i léitheoireacht agus i matamaitic ag deireadh Ghrád 4.

2.2.2. Bun-Mheánoideachas (Scoil Mheánach)

Freastalaíonn scoláirí ar an mbun-mheánscoil nuair a bhíonn siad idir 10 mbliana d'aois agus 14 bliana d'aois. Áirítear leis an gcroíchuraclam ginearálta ábhair amhail Úcráinis agus litríocht na hÚcráine, teangacha iasachta, stair, matamaitic, bitheolaíocht, ceimic, fisic, corpoideachas, ceol agus ealaín.

Déanann scoláirí scrúduithe stáit ag deireadh Ghrád 9 agus bronntar Teastas Bun-Mheánoideachais Chríochnaithe orthu.

2.2.3. Meánoideachas Uachtarach

Is gnách go mbíonn scoláirí sa mheánoideachas uachtarach idir 15 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois. Leanann formhór mór na scoláirí curaclam acadúil ginearálta, lena n-áirítear Úcráinis agus litríocht na hÚcráine, matamaitic nó stair na hÚcráine, arb iad na croí-ábhair iad, agus ábhar amháin dá rogha. Tógann roinnt scoláirí ábhair eile i dteannta na n-ábhar éigeantach sin. Bronntar Teastas Meánoideachais Ghinearálta Chríochnaithe ar gach scoláire a fhaigheann pas sna scrúduithe stáit deiridh.

Leanann líon beag scoláirí an Gairmshruth, agus saincháilíocht á gnóthú acu ina dhiaidh sin ina lán cásanna.

Faigheann scoláirí rochtain ar an ardoideachas trí thrialacha caighdeánaithe a dhéanamh, ar trialacha iad a ndéanann Ionad na hÚcráine um Measúnacht Cáilíochta Oideachais measúnacht sheachtrach orthu.

3. Comhairle maidir le Socrúchán Ranga

3.1. Forbhreathnú

Ceann amháin de na príomhthosaíochtaí maidir le tacú le folláine, féiniúlacht, muintearas, dul chun cinn oideachasúil agus torthaí is ea socrúchán scoláirí¹ sa rang, sa bhliainghrúpa agus sa chlár is aoisoiriúnaí.

Ba cheart tús áite a thabhairt do riachtanais an linbh agus cinní á ndéanamh maidir le soláthar curaclaim agus maidir le rochtain ar chlár agus ar thacaíochtaí. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo na scoláirí, lena n-áirítear iad a ullmhú do na príomhchéimeanna aistrithe i gcóras oideachais na hÉireann – ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil agus ón tsraith shóisearach chuig an tsraith shinsearach, lena n-áirítear an Idirbhliain agus clár Ardteistiméireachta. Ba cheart do lucht bainistíochta na scoile na cinní sin a dhéanamh i gcomhairle leis na tuismitheoirí nó leis na caomhnóirí, leis an scoláire, leis an múinteoir ranga, le cinn bhliana/teagascóirí ranga agus le múinteoirí/foirne tacaíochta ábhartha, de réir mar is cuí. Beidh aois agus riachtanais foghlama na scoláirí, lena n-áirítear a n-inniúlacht i dteanga teagaisc na scoile, ina ngné lárnach maidir le rochtain ar chlár agus ar thacaíochtaí. Is féidir go mbeidh aipeanna aistriúcháin ina n-acmhainn úsáideach maidir le cumarsáid a éascú le leanaí agus daoine óga nuair a thagann siad chuig an scoil den chéad uair. Tá faisnéis faoi na haipeanna digiteacha ar féidir le scoileanna iad a úsáid saor in aisce ar fáil ar na leathanaigh Ghréasáin thiomnaithe nua ar Scoilnet agus ar an leathanach [‘comhairle maidir le haipeanna aistriúcháin’](#) ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).

Ba cheart do scoileanna a chinntiú go ndéantar scoláirí ón Úcráin a imeascadh isteach i ranganna príomhshrutha atá ann cheana agus go ndéantar amhlaidh chomh tapa agus is féidir. Níor cheart ranganna nua a chruthú chun freastal ar scoláirí ón Úcráin agus orthu sin amháin toisc go leithscarfaí iad ón bpobal scoile dá dheasca sin.

Ba cheart do scoileanna faisnéis a sholáthar do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí, ar féidir nach mbeidh aon chur amach acu ar an gcóras bunoidreachais ná ar an gcóras iar-bhunoideachais in Éirinn. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart do scoileanna úsáid a bhaint as an treoir dar teideal [An Scolaíocht in Éirinn - Forbhreathnú ar an gCóras](#), atá ar fáil in Úcráinis agus i Rúisis. Tá faisnéis do scoláirí agus do thuismitheoirí maidir leis na teangacha a úsáidtear agus a theagasctar i gcóras oideachais na hÉireann ar fáil ar an rannán ‘Eolas Breise’ den leathanach Gréasáin [Eolas do Scoileanna - an Úcráin](#). Áirítear leis an rannán sin freisin faisnéis do scoileanna maidir le córas oideachais na hÚcráine.

¹ Sa doiciméad seo, tagraíonn an focal “scoláire” do dhaltáí bunscoile agus do scoláirí iar-bhunscoile araon, ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt.

3.2. Nithe atá le Breithniú ag Bunscoileanna

- Ba cheart áit sa rang is oiriúnaí dá (h)aois a leithdháileadh ar an dalta.
- Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le leanaí a bheith i gcuideachta leanaí eile, ba cheart an cinneadh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart do leanbh óg freastal ar shuíomh fhoghlaim agus chúram na luathóige nó ar rang naíonán i mbunscoil a bheith ag teacht leis na rialacha incháilitheachta aoise atá i bhfeidhm don chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, ar rialacha iad atá leagtha amach anseo: <https://www.gov.ie/en/publication/2459ee-early-childhood-care-and-education-programme-ecce/>. Tá an clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige ar fáil do gach leanbh a bhfuil 2 bhliain agus 8 mí d'aois bainte amach acu faoin 31 Lúnasa 2022. Níor cheart do leanaí a bheith páirteach sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige i gcás go mbainfidh siad 5 bliana agus 6 mhí d'aois amach an 30 Meitheamh den chlár bhliain nó roimh an dáta sin.
- Is féidir le baill foirne na tuairimí agus na léargais a gheofar ó dhaltaí agus óna dteaghlach nó óna gcaomhnóirí a úsáid agus breithniú á dhéanamh acu ar cén rang ina gcuirfeadh an dalta agus ar cén dóigh ar féidir freastal ar riachtanais reatha agus éiritheacha an dalta ó thaobh folláine, cumarsáide, litearthachta agus uimhearthachta de.
- Is féidir an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun deiseanna foghlama a éascú, a leathnú agus a shaibhriú do dhaltaí nua, chun cumarsáid a dhéanamh le teaghlaigh agus chun an t-eolas is deireanaí a thabhairt ar dhul chun cinn daltaí. D'fhéadfaí cumarsáid agus comhpháirtíochtaí le teaghlaigh a chothú freisin trí ardáin dhigiteacha a úsáid.
- Is féidir le scoileanna deiseanna a thabhairt do dhaltaí caidreamh a dhéanamh lena chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile trí úsáid a bhaint as córais pháirtíochta agus as beirteanna foghlama.
- Tugann an [Clár um Sholáthar Samhraidh 2022](#) deis do scoileanna aghaidh a thabhairt ar na scoileanna Béarla agus na riachtanais imeasctha atá ag scoláirí imirceacha, lena n-áirítear iad sin a tháinig go hÉirinn le déanaí ón Úcráin.
- Tá acmhainní atá ceaptha chun tacú le forbairt shóisialta agus mhothúcháinach [ar fáil anseo](#) ar leathanach Gréasáin na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

3.3. Nithe atá le Breithniú ag Iar-bhunscoileanna

- Faoi réir na bpointí thíos sa rannán seo, ba cheart áit sa bhliainghrúpa is oiriúnaí dá (h)aois a leithdháileadh ar an scoláire. I gcás na scoláirí sin a leithdháilfear áit sa tsraith shóisearach orthu, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil cláir foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 ceaptha ach amháin do scoláirí ar sainaitníodh go bhfuil sain-mhíchumas foghlama acu. Tá tuilleadh faisnéise faoi chláir den sórt sin ar fáil ar www.curriculumonline.ie/home
- Trí dhul i dteagmháil leis na scoláirí agus lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí, cabhrófar le cur amach a ghnóthú ar eispéireas oideachasúil an scoláire go dtí seo agus ar na hábhair a ndearna sé/sí staidéar orthu laistigh de churaclam na hÚcráine.
- Ba cheart don scoil faisnéis a sholáthar do scoláirí agus dá dtuismitheoirí nó dá gcaomhnóirí maidir le teanga teagaisc na scoile, maidir leis an gcuraclam agus maidir leis na roghanna ábhair atá ar fáil. Ba cheart don scoil féachaint, a mhéid is féidir, leis na roghanna a ailíniú le cúrsa staidéir roimhe na scoláirí agus le ceanglais fhoriomlána an chláir. In imthosca eisceachtúla, i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí, féadtar breithniú a dhéanamh ar scoláire a chur isteach i rang-ghrúpa nach bhfuil ailínithe lena (h)aois, i gcás go gcuirfidh inniúlacht teanga bac an-sunatasach air/uirthi an curaclam a rochtain. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir go dteastóidh tacaíochtaí breise Béarla ó scoláirí Úcránacha ag an leibhéal seo, mar aon lena socrúchán bliana.
- Is féidir le scoileanna deiseanna a thabhairt do scoláirí caidreamh a dhéanamh lena chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile trí úsáid a bhaint as cláir mheantóireachta agus as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí.
- Is féidir go measfaidh scoláirí Úcránacha go dtabharfadh an Idirbhliain deiseanna dóibh oiriúnú don chóras agus don chultúr scoile nua, agus scoileanna cumarsáide teanga idirphearsanta a fhorbairt. Thabharfadh an Idirbhliain deiseanna dóibh ceangal lena gcomhscoláirí agus braistint mhuintearais agus nascachta a ghnóthú i mbliain atá saor ó scrúduithe foirmiúla. D'fhéadfadh scoileanna a bhfuil ardlíon scoláirí Úcránacha acu gnéithe den chlár a chur in oiriúint chun eispéiris foghlama chuí a sholáthar do na scoláirí sin, ar eispéiris iad ina gcabhrófar leo páirt chomh hiomlán agus is féidir a ghlacadh sa tSraith Shinsearach. Agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Idirbhliain á soláthar acu, ba cheart do scoileanna tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí malartacha atá ar fáil ar ísealchostas nó saor in aisce chun gur féidir le gach scoláire páirt a ghlacadh iontu.
- Cé gur gnách go gcríochnaíonn scoláirí san Úcráin an meánoideachas uachtarach níos luaithe ná a macasamhail in Éirinn, tá feidhm ag prionsabal an tsocrúcháin aoisoiriúnaigh san iar-bhunscoil in Éirinn go fóill. Má roghnaíonn scoláirí tabhairt faoin gclár Ardteistiméireachta (Bunaithe) nó faoi Ghairmchlár na hArdteistiméireachta, ba cheart a chur in iúl dóibh go bhfuil na cláir sin deartha mar chláir dhá bhliain agus go bhfuil an cúigiú bliain ar an mbliainghrúpa is oiriúnaí dóibh. Tabharfaidh sé sin deis do

scoláirí a gcuid foghlama a fhorbairt agus a léiriú ar fud raon cineálacha difriúla eolais phraiticiúil agus fheidhmigh agus scileanna praiticiúla agus feidhmeacha.

- Ní mór scoláirí a roghnaíonn an Clár Ardteistiméireachta Feidhmí a thosú i mbliain a haon den chlár ionas go mbeidh deis acu gach gné den chlár a chríochnú.
- I gcás go mbeidh ranganna ardleibhéil agus ranganna gnáthleibhéil araon ann in aon bhliainghrúpa, níor cheart scoláirí a chur isteach go huathoibríoch i ranganna gnáthleibhéil mar gheall ar an tacaíocht a theastaíonn uathu i mBéarla/i nGaeilge. Ba cheart cabhrú leis an scoláire a t(h)eanga bhaile a úsáid chun tacú leis an measúnú ar an eolas atá aige/aici sa réimse ábhair agus le hé a scafláil. Is féidir é sin a dhéanamh go rathúil trí úsáid a bhaint as uirlisí nó bogearraí aistriúcháin.

4. Faisnéis thábhachtach maidir le tacú le foghlaim teanga scoláirí

Ceann amháin de na príomhdhúshláin a bheidh ag scoláirí ón Úcráin is ea an teanga trína soláthraítear an curaclam a rochtain. Beidh ar scoláirí scileanna nua teanga agus litearthachta a ghnóthú chun gur féidir leo an fhoghlaim a rochtain. Agus tacaíocht teanga á pleanáil, beidh sé riachtanach aird a thabhairt ar na riachtanais foghlama atá ag scoláirí, a mhéid a bhaineann leis na bunscileanna cumarsáide idirphearsanta agus an inniúlacht teanga chognaíoch acadúil atá acu i dteanga teagaisc na scoile.

4.1. Tacaíochtaí le haghaidh Béarla mar Theanga Bhreise

Is dóigh go dteastóidh tacaíocht i mBéarla ó fhorhór na leanaí. Is féidir go mbeidh scoileanna in ann tacaíocht a thabhairt do roinnt leanaí ón Úcráin laistigh dá leithdháileadh teagaisc reatha nó dá leithdháileadh reatha do scoláirí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu. I gcás nach bhfuil aon acmhainn ag an mbunscoil nó ag an iar-bhunscoil laistigh dá leithdháileadh reatha, is féidir iarratas ar thacaíochtaí breise a chur isteach chuig an Roinn ar an bhfoirm U-EAL ag an [NASC](#) seo. I gcás nach mbíonn iar-bhunscoileanna in ann múinteoir a earcú chun na tacaíochtaí a sholáthar do scoláirí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu, is féidir le scoileanna leas a bhaint as Teagascóir ESOL (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) tríd an bpainéal Teagascóirí ESOL de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna áitiúil (BOO). Ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an gcomhordaitheoir ESOL sa BOO áitiúil chun rochtain a fháil ar thacaíochtaí ESOL.

De réir na comhairle ó SFGM maidir leis an soláthar Béarla mar Theanga Bhreise, tá sé ríthábhachtach go bhfaigheadh leanaí ón Úcráin na tacaíochtaí a theastaíonn uathu le linn ceachtanna leis na leanaí eile. Baintear sealbhú teanga amach ar an tslí is fearr trí sholáthar cuimsitheach tacúil laistigh den rang. I gcás scoláirí áirithe, áfach, is féidir go mbeidh gá ann le hidirghabhálacha dírithe breise teanga agus litearthachta, ar idirghabhálacha iad atá ailínithe leis an gcuraclam atá á leanúint ag an scoláire. Ba cheart an tacaíocht sin a sholáthar ar aon dul leis an treoir.

4.2. Tacaíochtaí do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu

Freastalófar go himleor ar na riachtanais foghlama atá ag formhór na leanaí agus na ndaoine óga ón Úcráin trí thacaíocht a thabhairt dóibh Béarla a shealbhú mar theanga bhreise. Mar sin féin, beidh cohórt scoláirí ann a dteastóidh freagairt níos cuimsithí agus níos indibhidiúlaithe uathu mar gheall ar na riachtanais bhreise atá acu agus/nó mar gheall ar na riachtanais speisialta oideachais atá acu. Ba cheart na hacmhainní a sholáthraítear do scoileanna trína leithdháileadh tacaíochtaí RSO agus cúntóirí riachtanais speisialta (CRSanna) d'fhonn tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a úsáid chun cabhrú le heispéireas fíorchuimsitheach a fhorbairt do scoláirí. Ba cheart gach cinneadh agus an soláthar tacaíochta breise ar fad a bheith bunaithe ar na prionsabail agus ar an treoir atá leagtha amach sna Treoirlínte do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna maidir le tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, rud atá ar fáil [anseo](#).

Ba cheart na tacaíochtaí a sholáthraítear do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith bunaithe ar riachtanais shainaitheanta agus ar athbhreithnithe tráthrialta a dhéantar ar dhul chun cinn (i gcomhairle le tuismitheoirí agus le scoláirí), mar atá leagtha amach sna treoirlínte do [bhunscoileanna](#) agus [d'iar-bhunscoileanna](#) maidir leis an leanúntas tacaíochta. D'fhéadfaí tacú leis an bpróiseas seo trí chumarsáid a dhéanamh leis na hionadaithe ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus ón tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais ar an bhfoireann réigiúnach oideachais agus teanga.

Tá sonraí teagmhála do na foirne réigiúnacha oideachais agus teanga ar fáil [anseo](#). Is ar an múinteoir ábhair/ranga atá an phríomhfhreagracht as dul chun cinn agus cúram gach scoláire sa seomra ranga, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Níor cheart na tacaíochtaí teagaisc oideachais speisialta a sholáthraítear do scoileanna a úsáid ach amháin chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais shainaitheanta speisialta oideachais acu, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu. Ní fhéadtar tacaíochtaí teagaisc oideachais speisialta a úsáid chun an cóimheas idir múinteoirí agus scoláirí a laghdú don teagasc ginearálta ábhair ná, i gcás iar-bhunscoileanna, chun roghanna breise ábhair a sholáthar do scoláirí nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. A mhéid is féidir, ba cheart tacú le scoláirí ina ranganna príomhshrutha, ar timpeallacht shaibhir teanga iad. Ba cheart do scoláirí a bhfuil na leibhéil is mó riachtanais acu rochtain a bheith acu ar an leibhéal is mó tacaíochta.

4.3. Tacaíochtaí Cultúrtha agus Teangeolaíoch

Tá stór lárnach acmhainní agus tacaíochtaí ar fáil anois ar www.scoilnet.ie.

Tháinig SFGM, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Teangacha Iar-bhunscoile Éireann agus seirbhísí tacaíochta eile le chéile chun spás tiomnaithe ar www.scoilnet.ie a fhorbairt do scoileanna agus do mhúinteoirí chun go mbeidh siad in ann raon leathan [tacaíochtaí cultúrtha agus teangeolaíoch](#) a rochtain. Tá sé beartaithe go gcuirfear tuilleadh acmhainní agus ábhar leis le himeacht ama. Is stór lárnach an-úsáideach tacaíochtaí agus acmhainní do mhúinteoirí agus do scoileanna é sin. Áirítear na nithe seo a leanas leis:

- Treoirínte éagsúla maidir le hÉagsúlacht agus le hIonchuimsiú;
- Acmhainní Teagaisc agus Foghlama; agus
- Rochtain ar thacaí ó SFGM, lena n-áirítear na seimineáir Ghréasáin a seoladh le déanaí maidir le *hIonchuimsiú Foghlaimoírí Béarla mar Theanga Bhreise a Threorú*

Is iad seo a leanas na naisc chuig na spásanna tiomnaithe bunscoile agus iar-bhunscoile ar www.scoilnet.ie:

Bunscoil: <https://www.scoilnet.ie/go-to-primary/clsupports/>

Iar-bhunscoil: <https://www.scoilnet.ie/go-to-post-primary/clsupports/>

Tá faisnéis faoi aipeanna digiteacha saor in aisce ar fáil trí na leathanaigh Ghréasáin thiomnaithe nua de chuid Scoilnet agus ag pdst.ie

Tá físeán gairid treorach ó SFGM maidir le conas aip Microsoft Translator a úsáid ar fáil ag an nasc seo a leanas: www.youtube.com/watch?v=og5WbqVORIM

Tá cothabháil theanga bhaile an scoláire ina cuid lárnach d'fholláine an scoláire agus de chur chuige bunaithe ar láidreachtaí i leith tacú lena (h)uideachas. Ba cheart do scoileanna breathnú ar theanga bhaile a scoláirí mar phríomhláidreacht agus mar inniúlacht a chabhraíonn le sealbhú eolais nua, scileanna nua, teanga na scolaíochta agus teangacha nua eile a scafláil. Chun faisnéis a fháil maidir le conas tacú le teangacha baile a chothabháil, féach na treoirínte idirchultúrtha bunscoile ó Theangacha Iar-bhunscoile Éireann anseo: [treoirínte bunscoile](#).

Chun tacú tuilleadh le forbairt theangeolaíoch i dteanga na scolaíochta agus i dteangacha baile, tairgeann Teangacha Iar-bhunscoile Éireann deontas do scoileanna. Leis an scéim sin, tugtar deis do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna leabhair agus acmhainní ábhartha eile teanga baile a fháil le haghaidh scoláirí a labhraíonn teangacha baile seachas Béarla nó Gaeilge. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag [an scéim cistiúcháin leabharlann scoile 2022](#)

Is féidir le scoláirí tairbhe a bhaint as leabhair ina dteanga féin toisc go dtacaíonn siad sin lena litearthacht, lena bhféiniúlacht agus lena n-oidhreacht. Is féidir tairbhe ar leith a

bhaint as leabhair dhá theanga. Dea-uirlis ar féidir le gach múinteoir í a úsáid is ea leabhair i mBéarla nó i nGaeilge agus sa teanga bhaile. Tá leabhair dhá theanga ar fáil d'aoisghrúpaí difriúla.

5. Comhairle maidir le cásanna inar mian le scoláirí ón Úcráin curaclam na hÚcráine a leanúint

Is é seasamh beartais Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine ná go moltar do scoláirí leanúint le gabháil do churaclam na hÚcráine. Moladh do scoláirí agus dá mbaill teaghlaigh nó dá gcaomhnóirí ceangal lena scoil féin nó, mura bhfuil fáil uirthi, le scoil mhalartach san Úcráin agus leanúint lena gcuid oideachais ar líne. Glactar leis, áfach, nach mbeifear in ann déanamh amhlaidh i ngach cás. I gcás go mbeidh scoláirí ag ceangal le scoileanna Úcránacha ar líne, is iad Úcráinis agus stair na hÚcráine na réimsí tosaíochta foghlama.

Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh, tá rialtas na hÚcráine ag tacú le hardán ríomhfhoghlama le haghaidh cianfhoghlaim fhéinstiúrtha agus foghlaim chumaisc fhéinstiúrtha do ghráid 5-11 (scoláirí idir 10 mbliana d'aois agus 17 mbliana d'aois). Tá an t-ardán ar fáil [anseo](#). (Is gnách go dtugtar ar bhrabhsálaí an ghléis an rogha chun an suíomh Gréasáin a aistriú go Béarla i bhfíor-am). Uaslódáladh ceachtanna físeáin chuig cainéil YouTube don All-Ukrainian School Online agus chuig suíomh Gréasáin Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine.

Moltar do scoileanna tacú, nuair is féidir, le scoláirí ar mian leo leanúint le gabháil do churaclam na hÚcráine ar líne, agus deiseanna á dtabhairt dóibh ag an am céanna comhtháthú leis an bpobal scoile. Ag an am céanna, beidh sé tábhachtach tacú le leanaí agus le daoine óga na hÚcráine cur chuige inbhuanaithe agus cothrom a ghlacadh agus iad ag iarraidh rannpháirtíocht le ranganna scoile a chumasc ar thaobh amháin le soláthar ar líne na hÚcráine ar an taobh eile.

Tá roinnt acmhainní idirnáisiúnta ar fáil chun tacú le scoileanna scoláirí Úcránacha a chumasú:

- Sa [Tairseach Oideachais Scoile](#) ón Aontas Eorpach, tá acmhainní éagsúla a bhfuil mar aidhm leo tacú le córais oideachais ar fud na hEorpa atá ag freagairt do riachtanais scoláirí nuathagtha. Tá forbheathnú ar fáil [anseo](#).
- Chomhroinn an Chomhairle Eorpach treoir faisnéise i mBéarla agus in Úcráinis, ar treoir í ina bhfuil naisc chuig acmhainní oideachais lena dtugtar deiseanna oideachais in Úcráinis do scoláirí Úcránacha. D'fhorbair Coimisinéir na hÚcráine um Chearta an Duine an treoir agus tá sí ar fáil [anseo](#).

